CINNEADH (AE) 2020/1709 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Samhain 2020

lena gceaptar beirt chomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 300(2) agus Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint do na tograí ó Phoblacht na Fraince agus ó Phoblacht na Slóvaice,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa in éag an 20 Meán Fómhair 2020.

(2) An 2 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1392 lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, agus lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 a glacadh an 18 Meán Fómhair 2020 ([2]). An 22 Deireadh Fómhair 2020 agus an 30 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle dhá Chinneadh eile lena gceaptar comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 ([3]). Fágadh suíochán amháin ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa do Phoblacht na Fraince folamh agus suíochán eile do Phoblacht na Slóvaice folamh agus ní mór iad a líonadh trí chinneadh ceapacháin ina dhiaidh sin, agus é á chur i bhfeidhm go haisghníomhach amhail ón 21 Meán Fómhair 2020.

(3) Le litir dar dáta an 10 Meán Fómhair 2020, mhol Poblacht na Slóvaice go gceapfaí Juraj SIPKO mar chomhalta Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, chun a liosta comhaltaí a chomhlánú.

(4) Le litir dar dáta an 18 Meán Fómhair 2020, mhol Poblacht na Fraince go gceapfaí Bruno CHOIX mar chomhalta Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, chun a liosta comhaltaí a chomhlánú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo ceaptar na daoine a leanas ina gcomhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025, arna liostú de réir Ballstáit:

FRANCE

Mr Bruno CHOIX

Union des Entreprises de Proximité (U2P)

SLOVENSKO

Mr Juraj SIPKO

Director, Institute of Economic Research of the Slovak Academy of Science.

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 15.

([2]) IO L 322, 5.10.2020, lch. 1.

([3]) Cinneadh (AE) 2020/1555 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhalta Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 (IO L 355, 26.10.2020, lch. 1) agus Cinneadh (AE) 2020/1636 an 30 Deireadh Fómhair 2020 lena gceaptar comhalta Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa don tréimhse ón 21 Meán Fómhair 2020 go dtí an 20 Meán Fómhair 2025 (IO L 369, 5.11.2020, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige amhail ón 21 Meán Fómhair 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Samhain 2020.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán M. ROTH